

Comórtas Míle Órga na Gaillimhe 2015 seolta

Arna eisiúint: 8 Meitheamh 2015

Seoladh an comórtas bliantúil Míle Órga na Gaillimhe an tseachtain seo, agus fógraíodh mionsonraí chomórtas na bliana seo. Táthar ag spreagadh agus ag iarraidh ar phobail tuaithe ar fud na tíre cur isteach ar an gcomórtas seo. Seo an 12ú bliain de na Gradaim Míle Órga na Gaillimhe, a bhfuil mar aidhm leo pobail tuaithe agus comharsana a thabhairt le chéile, chun aon mhíle den bhóthar ina gceantar a roghnú agus chun na gnéithe faoi leith ina gceantar uathúil sin - bóithre tuaithe, ballaí cloiche, flora agus fauna - a aithint agus a cheiliúradh. Reáchtálann Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Cuideachta Forbartha Tuaithe na Gaillimhe Teo. an tionscnamh seo ar fud an chontae ar bhonn bliantúil i gcomhar le Comhair na nOileán Teo. agus FORUM Connemara.

Tá pacáiste eolais agus DVD faoi Mhíle Órga na Gaillimhe ar fáil agus is tacaíocht áisiúil iad do phobal ar bith atá á ullmhú féin le cur isteach air. Is mian leis an gcoiste eagrúcháin a chur in iúl do phobail go bhfuil go leor foinsí eile tacaíochta, treorach agus spreagtha ar fáil.

Tá catagóirí éagsúla gradam sa chomórtas - An Míle leis an Oidhreacht Nádúrtha Is Fearr; An Míle leis an Oidhreacht Thógtha Is Fearr; An Iarracht Phobail agus Bhainistiú Bruscair Is Fearr (Gradam Tony Dervan RIP), Gradam na Scoileanna agus Gradam Foriomlán Mhíle Órga na Gaillimhe. An tríú seachtain i mí Lúnasa an spriocdháta le cur isteach ar an gcomórtas nuair is gá na foirmeacha iarratais foirmiúla a chur isteach, chomh maith le cáipéisíocht tacaíochta. Tabharfaidh na moltóirí cuairt ar gach pobail i rith mhí Mheán Fómhair. Siúlfaidh siad an míle agus glacfar grianghraif den mhíle. Bailíonn an painéal moltóirí le chéile ina dhiaidh sin agus tugtar scóir. Déantar iarratais a mheas faoi na teidil seo; oidhreacht nádúrtha agus thógtha, iarracht phobail agus sábháilteacht bóithre. Fógrófar torthaí an chomórtais ag searmanais gradam i mí na Nollag.

Foilseofar grianghraf de Mhíle Órga gach iarratasóra sa bhféilire speisialta saindeartha, Míle Órga na Gaillimhe 2016, a scaipfear go forleathan. In 2004 a bunaíodh Míle Órga na Gaillimhe agus tá an comórtas á reáchtáil go reatha le 11 bhliain anuas. Chuir os cionn 150 pobal éagsúil isteach air le linn na tréimhse sin.

An chéad chéim sa phróiseas chun cur isteach ar an gcomórtas ná pacáiste eolais faoi Mhíle Órga na Gaillimhe a iarraidh, grúpa pobail áitiúil a thabhairt le chéile agus stráice den bhóthar poiblí a roghnú atá aon mhíle ar fhad, lasmuigh den luasteorainn 50km agus lena mbaineann gnéithe spésiúla d'oidhreacht thógtha agus nádúrtha. Lean na treoracha sa phacáiste eolais. Déan teagmháil le Marie Mannion, Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe ar 091

509198 nó le ríomhphost mmannion@galwaycoco.ie nó le Frank Keane i gCuideachta Forbartha Áitiúil na Gaillimhe ar 091 844335 nó le ríomhphost fkeane@grd.ie

Dúirt Marie Mannion, Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe, ‘Tá stór ábhar iontais inár dtimpeallacht tuaithe, an flora agus an fauna sna fáлта scean, agus tá flúirse scéalta agus staire ann le roinnt le pobail áitiúla trí thionscadal an Mhíle Órga.’

Dúirt Frank Keane, Oifigeach Fiontraíochta le Cuideachta Forbartha Tuaithe na Gaillimhe, ‘Tugann Míle Órga na Gaillimhe spreagadh do dhaoine a chónaíonn faoin tuath i nGaillimh an oidhrecht thógtha agus nádúrtha ar feadh na mbóithre áitiúla a cheiliúradh, a chothabháil agus sult a bhaint as.’

‘Molaim do ghrúpaí agus do scoileanna i gceantair tuaithe páirt a ghlacadh sa gcomórtas seo agus sárthaispeántas a thabhairt ar na háiteanna speisialta ina gcónaíonn siad’ a dúirt an Comhairleoir Mary Hoade, Cathaoirleach, Comhairle Chontae na Gaillimhe.

Grúpa Comhshaoil Áth Cinn buaiteoir foriomlán Chomórtas Míle Órga na Gaillimhe 2014. Dúirt ionadaí ón ngrúpa, Venetia McElin, "bhaineamar an-sásamh as a bheith rannpháirteach i Míle Órga na bliana seo caite. D'fhoghlaimíomar an oiread sin ó na daoine a chónaíonn ar feadh an mhíle faoin oidhrecht agus faoi scéal mhíle an Ower Beg. Molaimid d'aon duine a chónaíonn ar mhíle faoin tuath an oidhrecht shaibhir agus an bhitheolaíocht a bhaineann leis a fhiosrú.’

Féach www.galway.ie nó www.grd.ie chun tuilleadh eolais a fháil. Déan teagmháil le Marie Mannion, Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe ar 091 509198 nó le ríomhphost mmannion@galwaycoco.ie nó Frank Keane i gCuideachta Forbartha Tuaithe na Gaillimhe ar 091 844335 nó le ríomhphost fkeane@grd.ie chun do phacáiste eolais, treoirínte agus foirm iarrtais a fháil.

CRÍOCH